

Máire Eilís Ní Fhlatharta – Labhair an t-aisteoir ó Ros na Rún le Máire Ní Chatháin ‘faoina saol gníomhach’

Ó Ros go Ros: lch: 12



Foinse



An Bua ag an Rua: lch 22

13-10-1996

Príomhnuachtán Náisiúnta na Gaeilge

Praghas 75p

Clársceideal Theilifís na Gaeilge ar an saol

Baineadh stangadh as a raibh i láthair in Óstán an Chlarence, Déardaoin, nuair a tugadh le fios go mbeadh Teilifís na Gaeilge ag craoladh cúig uaire an chloig in aghaidh an lae. Tugadh an méid seo le fios nuair a bhí sceideal na seirbhíse nua á shéoladh. Ceapadh roimhe sin go mbeadh sé ar an aer faoi choinne trí huair an chloig. “Bhí muid thar a bheith sísta leis an tsuim dhearfach a léirigh na meán chumarsáide ionainn,” a deir Pádraig Ó Ciardha, Eagarthóir Faisnéise agus Forbartha TnaG. “Bhí siad ag léiriú

fiosracha san obair atá ar bun againn seachas ag cur ceiste faoi ar chóir dúinn a bheith ann ar chor ar bith. Glacadh linn mar imreoir nua ar pháirc imeartha na meán cumarsáide.” Le linn na hócáide taispeánadh blaiseadh substaintiúil de na cláracha a bheidh le feiceáil air. Deir an tUasal Ó Ciardha go raibh ríméad ar dhaoine ar bheagán Ghaeilge go mbeadh fotheidil ar fáil ar Theilteathéacs agus go raibh iontas ar dhaoine faoi úire,

óige agus fuinneamh na foirme. “Níor chuir sé seo iontas ar bith orainn féin, áfach, mar go bhfuil lucht margaochta agus fógraíochta ag léiriú spéise ionainn le fada,” a dúirt sé. I measc na gcláracha nua, beidh clár cúrsa reatha gach seachtain á chur i láthair ag Seán Ó Tuairisc agus clár polaitíochta a chraoltar gach mí a bheidh á chur i láthair ag na Teachtaí Dála Alan Dukes (FG) agus Máire Geoghagan Quinn (FF). Olé Olé is teideal do chlár spóirt a chraolfaidh cluichí sacair phríomhroinn na Spáinne gach seachtain.

Dar ndóigh, beidh réimse leathan cláracha do pháistí ann chomh maith siocair mar a dúirt Ceannasaí an stáisiúin, Cathal Goan. “mura dtosaífmíd le lucht féachana a mhealladh agus iad óg tá deireadh linn.” Ag a hocht a chlog óche Shamhna a chraolfar Teilifís na Gaeilge den chéad uair. Lasadh an tSolais a bhéas mar théama ar an gelár agus is ceiliúradh a bheidh ann ar sheoladh na seirbhíse nua agus ar Fhéite Cheilteach na bliana nua.

Príomhnuachtán Náisiúnta na Gaeilge, an sluán a bhí ag Foinse ó 1996-2009

ISSN 1393-3701



ISTIGH Uair na Cinniúna

BRÚ DÍOLTAIS AR DHÍLSEOIRÍ



Is é Dé Domhnaigh seo chugainn uair na cinniúna, dar le Billy Hutchinson, preasoifigeach an PUP, in agallamh le Foinse lch 10


Dianslándáil i bhfeidhm sa Tuaisceart tar éis bhás saighdiúra

le Póilín Ní Chiaráin

Chuir bás an tsaigndiúra a goineadh i bpléascanna an IRA i mbeairic Thiepval leis an éigeandáil i dTuaisceart Éireann an deireadh seachtaine seo. Fuair James Bradwell (43) bás ag a seacht a chlog ar maidin Dé hAoine. Fear pósta as Gateshead le triúr clainne a bhí ann. Bhí a bhean chéile cois a leapa nuair a d'éag sé. Ba é a chéad bhábhta saighdiúrachta i dTuaisceart na hÉireann é.

Dúirt John Major, Príomhaire na Breataine, gur dhruid Sinn Féin an doras orthu féin. “Ní thabharfaidh buamaí Sinn Féin chun na cainteanna. Ní féidir le duine ar bith iad a chreidint a thuilleadh go dtí go dtabharfaidh siad gealltanús go gcuirfidh siad críoch lena geuid foréigin go deo,” a dúirt sé.

Tá níos mó brú anois ar na Dilseoirí dul i mbun díoltais in ionad aghaidh a thabhairt ar an triúr bliain gan fhoréigean. Beidh sé dhá bhliain Dé Domhnaigh ó fógraíocht an sos comhraic agus tuigeadh i gcónaí go mbeadh sé deacair smacht a choimeád ar a gcuid paramíleatach dá maródh an IRA baill de na fórsaí slándála.



Saighdiúr de chuid arm na hÉireann ar dualgas i sráid thréigthe i lár Bhaile Átha Cliath le linn scaoil bhua-ma trathnóna Déardaoin

Tá dianslándáil i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann arís an deireadh seachtaine seo agus mórfeachtas fiosraithe ar bun ag an RUC tar éis na pléisce. Tuigim go ndearna na buamaí an-damáiste don bheairic cé gur coinníodh an t-eolas faoi rún, díreach mar a ceileadh eolas gur gortatodh pearsana míleata go dtí go bhfuair an saighdiúr bás.

Scrios eadhra an Luain níos mó ná an beairic. Scrios sé an cur i gcéill go raibh síocháin i réim anseo. Bhain sé

siar go mór as pobal a bhí imithe i dtaithí ar an easpa foréigin agus lagaigh sé arís creidiúint Shinn Féin mar pháirtí polaitiúil daonlathach.

Chonaic daoine an t-uafas arís - gol agus garthaíl, fuil agus smionagar agus níl a thuilleadh de uathu ainneoin an fhuatha a léiríodh ó aimsir Dhroim Cria i leith. Is liosta le háireamh na heagraíochtaí agus na daoine atá ag áiteamh ar an IRA éirí as an lámh láidir agus sos comhraic eile a ghairm, liosta ar a bhfuil

Uachtarán Mheiriceá chomh maith leis na polaiteoirí in Éirinn agus sa Bhreatain.

Tá na héilimh á ndéanamh ar na sráideanna ag léirsithe síochána; agus ghlaigh trí mhíle déag duine ar pháipéar nuachta laethúil ag tacú leo in éadan beagán le cois míle duine a thacaigh le beartas an IRA. Is é an bharúil is dóchasaf, áfach, go mbeidh feachtas gearr foréigin ag an IRA agus ansin go ndéanfar iarracht eile próiseas síochána a chur sa tsíúil.

Ba ar Billy Hutchinson, preasoifigeach an PUP, a cuireadh ‘Agallamh na Seachtaine’ sa chéad eagrán

Bia Blasta!



Tá béilí breatha blásta á gcur le chéile ag ár gcolúnai Brian Ó Domhnaill lch 12

Agus Teilifís, an t-idirlíon; ceol, faisean, leabhair, ealain agus go leor eile

Bhí colún cócaireachta le Brian Ó Domhnaill i measc na geolún a bhí ar an gcéad eagrán. Bhí colúin chomh maith ann faoi chúrsaí teilifíse, idirlín, ceoil, faisin agus a thuilleadh

Micheál Ó Domhnaill a bhí ina chaptaen ar fhoireann na Ceathrún Rua a bhuaigh craobh an chontae an tseachtain roimhe. Bhí tuairisc ar an geluiche stairiúil agus neart pictiúr taobh istigh

75 pingin an costas a bhí ar chóip de Foinse

Bhain seéal tánaisteach an chéad eagrán le seoladh chlársceideal Theilifís na Gaeilge an tseachtain chéanna. Tuairiscíodh gur baineadh ‘stangadh’ as a raibh i láthair ag an seoladh in Óstán an Chlarence nuair a chualathas go mbeadh TnaG ar an aer cúig uaire an chloig in aghaidh an lae. Seoladh an stáisiún féin coicís ina dhiaidh sin

Ba ag Póilín Ní Chiaráin a bhí an príomhseéal ar an gcéad eagrán faoi éigeandáil sa Tuaisceart i ndiaidh buama a phléasc an IRA i mbeairic Thiepval

Bhí tuairisc ar an gcéad eagrán ag Máirtín Ó Catháin faoi theaghlach ó na bailte móra a bhí ag athlonnú faoin tuath faoin scéim athlonaithe tuaithe